CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/133 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Eanáir 2022

lena n-údaraítear don Fhrainc beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 395(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litreacha a cláraíodh leis an gCoimisiún an 12 Aibreán 2021 agus an 20 Meán Fómhair 2021, d'iarr an Fhrainc údarú chun beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagail 218 agus 232 de Threoir 2006/112/CE ("an beart speisialta") chun sonrascadh leictreonach éigeantach a thabhairt isteach do gach duine inchánach atá bunaithe i gcríoch na Fraince. Chumhdódh an oibleagáid seo sonraisc arna n-eisiúint in idirbhearta idir daoine inchánacha. Iarradh an t-údarú ar feadh tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2026.

(2) Tharchuir an Coimisiún an iarraidh a rinne an Fhrainc chuig na Ballstáit eile i litreacha dar dáta an 29 Meán Fómhair 2021. Le litir dar dáta an 30 Meán Fómhair 2021, thug an Coimisiún fógra don Fhrainc go raibh an fhaisnéis riachtanach ar fad aige chun breithmheas a dhéanamh ar an iarraidh.

(3) Maíonn an Fhrainc go gcuirfí sochair ar fáil maidir le calaois agus imghabháil cánach breisluacha (CBL) a chomhrac dá dtabharfaí isteach oibleagáid maidir le sonrascadh leictreonach ginearálaithe. Leis an oibleagáid sonraisc leictreonacha a eisiúint, mar aon le sonraí breise idirbhirt a tharchur, chuirfí ar chumas an riaracháin chánach má tá CBL arna ndearbhú agus arna mbailiú comhsheasmhach agus na sonraisc a eisíodh agus a fuarthas a sheiceáil i bhfíor-am, rud a chuirfeadh feabhas ar acmhainneacht an riaracháin calaois CBL a chosc agus a chomhrac. Mhéadófaí eolas fíor-ama ar ghníomhaíocht ghnó leis freisin, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an beartas eacnamaíoch a stiúradh chomh gar agus is féidir don réaltacht eacnamaíoch.

(4) Measann an Fhrainc go gcuideodh an oibleagáid sonraisc leictreonacha a eisiúint le comhlíonadh deonach na reachtaíochta cánach. D'fhágfadh sé go bhféadfaí simpliú a dhéanamh ar oibleagáidí tuairiscithe CBL daoine inchánacha trí réamhchríochnú a dtuairisceán a thabhairt isteach. Sholáthródh sonrascadh leictreonach buntáistí eile do dhaoine inchánacha, amhail laghdú ar amanna íocaíochta, laghdú ar chostais priontála agus ar mhuirir phoist, laghdú ar chostais agus ar mhoilleanna i bpróiseáil sonraí billeála nó laghdú ar chostais stórála. Maidir leis an gcoigilteas agus na buntáistí a bhainfeadh daoine inchánacha as cur chun feidhme sonrascaidh leictreonaigh, chúiteofaí leo, den chuid is mó, an infheistíocht tosaigh a bheadh orthu a thabhú chun a gcórais a oiriúnú.

(5) I bhfianaise raon feidhme leathan agus úrnuacht an bhirt speisialta, is den tábhacht é meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an bhirt speisialta ar chalaois agus imghabháil CBL a chomhrac agus ar dhaoine inchánacha. Dá bhrí sin, i gcás ina measann an Fhrainc gur gá an beart speisialta a shíneadh, ba cheart di tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon leis an iarraidh ar shíneadh, lena n-áirítear measúnú ar an mbeart speisialta maidir lena éifeachtacht sa chomhrac i gcoinne calaois agus imghabháil CBL agus i mbailiú cánach a shimpliú.

(6) Níor cheart don bheart speisialta difear a dhéanamh do cheart daoine inchánacha sonraisc pháipéir a fháil i gcás éadálacha laistigh den Chomhphobal.

([1]) IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

(7) Ba cheart an beart speisialta a bheith teoranta ó thaobh ama ionas gur féidir a mheas an bhfuil sé iomchuí éifeachtach i bhfianaise a chuspóirí.

(8) Tá an beart speisialta i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú ós rud é go bhfuil teorainn ama leis agus cuirfear chun feidhme é de réir a chéile. Ó 2024 ar aghaidh, beidh feidhm ag oibleagáid sonraisc leictreonacha a fháil maidir le gach duine inchánach. In 2024, beidh feidhm ag an oibleagáid sonraisc leictreonacha a eisiúint maidir le fiontair mhóra, in 2025 beidh feidhm aici maidir le fiontair ag a bhfuil 250 go 4 999 bhfostaí agus a bhfuil láimhdeachas faoi bhun EUR 1.5 billiún acu agus in 2026 beidh feidhm aici maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear daoine inchánacha a bhaineann tairbhe as an díolúine d'fhiontair bheaga dá dtagraítear in Airteagal 282 de Threoir 2006/112/CE. Ina theannta sin, ní chruthaítear leis an mbeart speisialta an riosca go n-aistreofaí calaois chuig earnálacha eile nó chuig Ballstáit eile.

(9) Ní bheidh tionchar diúltach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán an ioncaim chánach a bailíodh ag céim an tomhaltais dheiridh agus ní bheidh aon drochthionchar aige ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraíonn ó CBL,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

De mhaolú ar Airteagal 218 de Threoir 2006/112/CE, ní údaraítear don Fhrainc sonraisc arna n-eisiúint ag daoine inchánacha atá bunaithe i gcríoch na Fraince a ghlacadh i bhfoirm doiciméad nó teachtaireachtaí ach amháin má aistrítear na doiciméid nó na teachtaireachtaí sin i bhformáid leictreonach.

Airteagal 2

De mhaolú ar Airteagal 232 de Threoir 2006/112/CE, údaraítear don Fhrainc foráil a dhéanamh nach mbeidh úsáid sonrasc leictreonach arna n-eisiúint ag daoine inchánacha atá bunaithe i gcríoch na Fraince faoi réir faighteora atá bunaithe i gcríoch na Fraince a bheith ag glacadh le húsáid sonrasc leictreonach.

Airteagal 3

Tabharfaidh an Fhrainc fógra don Choimisiún faoi na bearta náisiúnta lena gcuirfear chun feidhme na bearta speisialta le haghaidh maoluithe dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2.

Airteagal 4

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a thabharfar fógra faoi.

2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2026.

3. I gcás ina measann an Fhrainc gur gá na bearta speisialta le haghaidh maoluithe dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 a shíneadh, tíolacfaidh an Fhrainc iarraidh ar shíneadh chuig an gCoimisiún, mar aon le tuarascáil ina ndéanfar measúnú ar a éifeachtaí a bhí na bearta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 3 chun calaois agus imghabháil CBL a chomhrac agus chun bailiú cánach a shimpliú. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil sin ar thionchar na mbeart sin ar dhaoine inchánacha agus go háirithe cibé a méadaíonn na bearta sin a n-ualach riaracháin agus a gcostais riaracháin.

Airteagal 5

Dírítear an Cinneadh seo ar Phoblacht na Fraince.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Eanáir 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
C. BEAUNE